



Tionólann an tAire Doherty Fóram Bliantúil Réamhcháinainnéise na Roinne chun na tosaíochtaí i dtaca le Cáinainnéis na bliana 2019 a phlé

20 Iúil 2018

Inniu (Dé hAoine, an 20 Iúil 2018) tá an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Regina Doherty, T.D., ag tionól Fhóram Bliantúil Réamhcháinainnéise a Roinne i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Beidh an tAire Stáit um Shaincheisteanna Míchumais, Finian McGrath, T.D., i láthair freisin.

Beidh thart ar 50 dream pobail ag freastal ar an bhFóram agus ag glacadh páirte ann, agus beidh modhnóireacht á déanamh ar an bhFóram ag Sinéad Ryan, Iriseoir Tomhaltóirí.

Imeacht bliantúil tábhachtach is ea an Fóram i gcomhair na Roinne agus is deis iontach í i gcomhair eagraíochtaí pobail, eagraíochtaí deonacha agus eagraíochtaí gnó ar shaincheisteanna beartais a phlé agus a chur faoi chaibidil agus ar a smaointe agus a dtuairimí ar an gCáinainnéis atá ag teacht aníos a chur i láthair dá chéile, don Aire Doherty, don Aire Stáit McGrath agus d'oifigigh shinsearacha na Roinne a oibríonn chun an beartas a fhorbairt agus a riar i dtaca le scéimeanna na Roinne. Imeacht uathúil sa Státseirbhís is ea Fóram Réamhcháinainnéise na Roinne agus tugann sé aiseolas luachmhar a úsáidfear chun Cainainnéis na bliana seo chugainn a mhúnlú.

Dúirt an tAire Regina Doherty:

“Deis is ea an Fóram Réamhcháinainnéise dúinn go léir ar thuairimí a roinnt maidir le treo an chórais choimirce sóisialaí sa todhchaí i gcomhthéacs Cháinainnéis na bliana 2019. Déanann na dreamanna anseo inniu ionadaíocht do shampla leathan den tsochaí, bíonn raon leathan saineolais acu, agus bíonn feidhm ríthábhachtach le comhlíonadh acu ó thaobh tacú leis na daoine a bhíonn i ngátar ar fud na tíre.

“Oibríonn na hÍocaíochtaí leasa shóisialaigh chun an bhochtaineacht a mhaolú, an t-éagothromas ioncain a laghdú agus cur leis an ngeilleagar trí chéile. Is isteach sna siopaí agus sa ghnó a théann gach euro a chaitheann na daoine a fhaigheann an chuid is mó d'íocaíochtaí coimirce sóisialaí, agus dá réir sin cabhraítear lenár ngeilleagar a chothú agus le pobail áitiúla a choinneáil beo bríomhar.

“Tá m'aird dírithe ar phacáiste Cáinainnéise a chruthú ina soláthrófar an iarmhairt is fearr ó thaobh baol na bochtaineachta a laghdú, go háirithe do leanaí, agus ina gcuirfear freisin san am céanna feabhas ar na torthaí fostaíochta sa dóigh gur féidir le daoine, a bhíonn i dtuilleamaí an leasa shóisialaigh, ach a bhíonn i gcumas oibre, éirí neamhspleách ó thaobh an airgid de.”

Dúirt an tAire Stáit Finian McGrath T.D.:

“Tá an-áthas orm a bheith ag freastal ar Fhóram Réamhcháinainéise na Roinne agus an chaoi is fearr ar mian le daoine go saothróimid dul chun cinn shaol na ndaoine faoi mhíchumas a chloisteáil le mo chluasa féin. Is den riachtanas é go bhfuilimid, mar bhaill den Rialtas, ag éisteacht leo siúd atá ag déileáil go díreach le míchumas ina saol ionas go bhféadfaimid leanúint d’fhorás a chur ar aghaidh i gCáinainéis na bliana 2019.”

Ionas go bhféadfaí saincheisteanna tábhachtacha a chur faoi chaibidil, roghnaíodh sé théama i gcomhair na seisiún beag mar chuid den Fhóram. Áirítear leo seo ‘Tacú le Leanaí agus Teaghlaigh’, ‘Tacú le Daoine ar Scor agus Daoine Scothaosta’, ‘Tacú le Daoine faoi Mhíchumas agus Cúramóirí’, ‘Leordhóthanacht Ioncaim agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn’ agus ‘Tacú leis na daoine is leochailí trí thacaí breise’.

Reáchtálfar ceardlann i dtaca le gach ceann de na téamaí seo, déanfaidh oifigigh de chuid na Roinne cathaoirleacht ar na ceardlanna agus freastalóidh ionadaithe ó na heagraíochtaí ar suim leo an téama ar gach ceardlann. Freastalóidh an tAire Doherty agus an tAire Stáit McGrath ar na ceardlanna seo i gcaitheamh na maidine agus cloisfidh siad go díreach ó na eagraíochtaí faoi chuid dá bpríomhthosaíochtaí, dá bpríomhbhuarthaí agus dá bpríomhsmaointe i dtaca le Cáinainéis na bliana 2019.

CRÍOCH

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

A thuilleadh eolais d’Eagarthóirí:

[Liosta Eagraíochtaí le freastal ar an bhFóram Réamhcháinainéise](#)

Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir na hÉireann
Aoisghníomhaíocht Éireann
Aois agus Deis
Comaontas Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Earnáil na Scothaoise (ar a dtugtaí roimhe seo an Chomhpháirtíocht um Aósú Gníomhach)
Alone
Barnardos
Comhaontas Chúramóirí na hÉireann
Ionad um Maireachtáil Neamhspleách
Cumainn Lucht Tráchtála na hÉireann
An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí

Líonra Lárionaid na Comhdhála
Comhairle na nÓg
Crosscare
Cónaidhm na hÉireann um Míchumas
Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta
Cúramóirí Teaghlaigh na hÉireann (cumasc de Chumann na gCúramóirí agus Cúram do Chúramóirí)
Focus Ireland
Ionaid Chomhairle Díl Saor in Aisce
Cuimsiú Éireann
Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
Cumann na bhFeirmeoirí Eallaigh agus Caorach
Comhdháil na gCeardchumann
Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
Bantracht na Tuaithe
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe
Comhairle Dídeanaithe na hÉireann
Nasc Tuaithe na hÉireann
Parlaimint na Seanóirí in Éirinn
Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann
Athchóiriú Meabhairshláinte
Cumann Náisiúnta na mBaintreach in Éirinn
Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill
Cónaidhm Náisiúnta na gCumann Pinsinéirí
Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn
Comhairle Náisiúnta na nÓg

Teaghlach Amháin
Ionad Pavee
Coiste na nOibrithe ar Scor
Cumann Naomh Uinseann de Pól
Clann Shíomóin
Ceartas Sóisialta Éireann
An Roth
Tairseach
TREOIR
Aontas na Mac Léinn in Éirinn
An Chomhpháirtíocht Uinseannach um Cheartas Sóisialta

Sonraí Teagmhála den Phreasoifig

Ríomhphost: press.office@welfare.ie

Guthán: 01 704 3082

Twitter: @welfare_ie